



An Bhruiséil, 27 Eanáir 2025
(OR. en)

16999/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0316(NLE)

AELE 111
N 121
FL 58
ISL 66
MI 1036
ECOFIN 1519
FSC 11

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE

CINNEADH (AE) .../... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,

i gComhchoiste LEE

maidir le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais)

a ghabhann le Comhaontú LEE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) agus Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch¹, agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch² ('ComhaontúLEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.
- (2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.
- (3) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ agus Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, ba cheart iad a ionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

² IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/1994/1/oj.

³ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>).

⁴ Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus (AE) 2016/2341 a mhéid a bhaineann le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil le haghaidh na hearnála airgeadais (IO L 333, 27.12.2022, lch. 153, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2556/oj>).

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ...

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
